Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8568/22**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0132(COD)**

**VISA 74**
**FRONT 179**
**MIGR 131**
**COMIX 216**
**CODEC 568**
**IA 53**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 659 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 659 final.

---

Faoi iamh: SWD(2022) 659 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
SWD(2022) 659 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa**

{COM(2022) 658 final} - {SEC(2022) 202 final} - {SWD(2022) 658 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Tionscnamh reachtach maidir le digiteáil na nósanna imeachta um víosaí (ítim ar Chlár Oibre 2021 an Choimisiúin)**

**A. An gá atá le beart**

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

**Na húdaráis de chuid na mBallstát** a phléann le hiarratais ar víosaí agus le heisiúint na víosaí, is ualach orthu na próisis fhadálacha agus na costais charnacha a bhaineann, faoin nós imeachta um víosaí atá i bhfeidhm faoi láthair, le doiciméid pháipéir a bhainistiú, a phróiseáil, a chartlannú, agus, ar deireadh, a scriosadh. Braitheann na Ballstáit níos mó agus níos mó, freisin, ar sholáthraithe seirbhísí seachtracha. Tá riosca slándála ann freisin a bhaineann leis an bhféidearthacht an greamán víosa a bhrionnú nó a ghóchumadh, chomh maith le riosca méadaithe na siopadóireachta víosaí i ngeall ar ilroinnt na nósanna imeachta um víosaí ó Bhallstát go chéile. Ar deireadh, léirigh paindéim COVID-19 nach bhfuil an cleachtas atá ann faoi láthair oiriúnach chun géarchéimeanna a fhreagairt.

An nós imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair, bíonn sé casta le haghaidh **na n-iarratasóirí ar víosaí** freisin agus cuireann sé ualach orthu. Ní mór d'iarratasóirí ar víosaí taisteal go dtí an chonsalacht nó an lárionad iarratais víosaí is gaire dóibh chun gach iarratas a dhéanamh, agus a ndoiciméad taistil a fhágáil ansin, rud a chuireann cosc orthu aon taisteal eile a dhéanamh le linn an phróisis iarratais. Ní mór do dhaoine a bhíonn ag taisteal go minic an nós imeachta fadálach sin a dhéanamh athuair le haghaidh gach iarratais, agus is féidir go mbeidh difríocht ann de réir an chinn scríbe. Íocann na hiarratasóirí táillí breise freisin nuair a dhéanann siad an t-iarratas trí sholáthraí seirbhísí seachtrach.

Is iad **bunchúiseanna** na bhfadhbanna sin an ceanglas dlíthiúil ar na Ballstáit greamán víosa páipéir a eisiúint, na Ballstáit a bheith ag brath ar chleachtais aghaidh-ar-aghaidh nó bunaithe ar pháipéar, agus na leibhéil éagothroma digiteála chomh maith le hilroinnt na nósanna imeachta um víosaí ó Bhallstát go chéile.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Is é cuspóir foriomlán an tionscnaimh an t-ualach riaracháin a bhaineann le hiarratas ar víosa Schengen a shimpliú, a chomhchuibhiú agus a laghdú chun go mbeidh an tAontas Eorpach níos tarraingtí mar cheann scríbe le haghaidh na dtaistealaithe a bhfuil ceanglas víosa orthu agus chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar shábháilteacht limistéar Schengen. Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh an nós imeachta um iarratais ar víosaí a chuíchóiriú le haghaidh na n-iarratasóirí agus na mBallstát, agus é a dhéanamh níos éifeachtúla dóibh, trí mheáin dhigiteacha, agus cur le slándáil limistéar Schengen tríd an ngreamán víosa a dhigiteáil agus trí nósanna imeachta digiteacha um iarratais.

Nós imeachta um víosaí a bheidh don chuid is mó gan pháipéar agus gan teagmháil, beidh sé níos costéifeachtaí agus sábhálfaidh sé am ar thaistealaithe agus ar chonsalachtaí, agus ag an am céanna áiritheofar leis sárleibhéal slándála ag teorainneacha an Aontais agus tabharfar coimirce do chosaint shonraí pearsanta na n-iarratasóirí.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

An cuspóir slándáil na nósanna imeachta um víosaí agus a n-oiriúnacht don ré dhigiteach a mhéadú, ní féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Teastaíonn gníomhaíocht ón Aontas chun breis feabhais a chur ar na nósanna imeachta coiteanna sin. Na fadhbanna a shainaithnítear thuas, is ar éigean a bheidh deireadh leo go gairid amach anseo, agus tá baint dhíreach acu leis na forálacha dlí atá i bhfeidhm faoi láthair. Ní féidir an reachtaíocht ghaolmhar (go príomha an Cód maidir le Víosaí agus Rialachán VIS) a leasú ach amháin ar leibhéal an Aontais toisc go gcuireann cuspóirí an Rialacháin seo le tionscnaimh eile a bhfuil sé d'aidhm acu na nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú i gcomhthéacs an chomhbheartais víosaí, agus toisc, freisin, gur cuid d'*acquis* Schengen iad na víosaí gearrfhanachta. I bhfianaise scála, éifeachtaí agus thionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, ní féidir na cuspóirí a bhaint amach go héifeachtúil córasach ach amháin ar leibhéal an Aontais.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Sa Mheasúnú Tionchair déantar meastóireacht ar **chúig rogha bheartais** a bhaineann le leibhéil éagsúla d'idirghníomhú ón Aontas sa phróiseas víosaí atá i bhfeidhm faoi láthair:

- Le **rogha 1**, a ghlactar mar chás bonnlíne, ní dhéanfaí aon ghníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais. Leanfadh na Ballstáit dá n-uirlisí náisiúnta a fhorbairt (nó ní leanfadh). D'eiseodh an Coimisiún moltaí neamhcheangailteacha ar na Ballstáit agus leanfadh sé de thacaíocht a thabhairt dóibh trí bhearta dlí bhoig. Leanfaí den ghreamán víosa a úsáid chun víosaí a eisiúint.
- Le **rogha 2** cuimsítear mionathruithe reachtacha ar leibhéal an Aontais arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis na constaicí dlíthiúla a chuireann teorainn le cumas na mBallstáit an próiseas iarratais víosaí a dhigiteáil a thuilleadh. Ghabhfadh an víosa dhigiteach ionad an ghreamáin víosa páipéir (go sainordaitheach) agus thabharfaí seirbhís choiteann gréasáin isteach le haghaidh sealbhóirí víosaí trína bhféadfaí seiceáil a dhéanamh ar bhailíocht an víosa.
- Le **rogha 3** bheadh sé i gceist an víosa dhigiteach a chur in ionad an ghreamáin víosa páipéir (go sainordaitheach) agus ardán iarratais víosaí roghnach de chuid an Aontais a fhorbairt. Faoin rogha sin, bheadh sé de rogha ag na Ballstáit a bheith rannpháirteach in ardán iarratais víosaí an Aontais, tairseach náisiúnta dá gcuid féin a fhorbairt nó leanúint de cheann a úsáid, nó gan aon réiteach digiteach a fhorbairt.
- Le **Rogha 4** bheadh víosa dhigiteach shainordaitheach agus ardán iarratais víosaí sainordaitheach de chuid an Aontais i gceist agus bheadh ar na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach iontu tar éis idirthréimhse.
- Le **Rogha 5** bheadh ardán iarratais víosaí sainordaitheach de chuid an Aontais i gceist le haghaidh na mBallstát uile gan aon idirthréimhse, chomh maith le nós imeachta lándigiteach (lena n-áirítear sonraí bithmhéadracha a thógáil ó na hiarratasóirí trí mheáin dhigiteacha) agus an víosa dhigiteach (go sainordaitheach).

Is í **rogha 4** an **rogha thosaíochta**, óir chuideodh sé le dul i ngleic le bunchúiseanna na bhfadhbanna atá ann faoi láthair, chuirfí deireadh leis an bpróiseas iarratais víosaí ilroinnte atá bunaithe ar pháipéar, dhéanfaí comhchuibhiú ar na leibhéil éagothroma digiteála atá ann faoi láthair, agus d'áiritheofaí ardleibhéal slándála ag an am céanna.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Maidir leis **na Ballstáit**, is do roghanna 3 agus 4 a thugann siad an tosaíocht go foriomlán. Go háirithe:

- is fearr le 14 Bhallstát go n-úsáidfí ardán iarratais de chuid an Aontais ar bhonn deonach (rogha 3), ach
- b'fhearr le 10 mBallstát go mbeadh úsáid an ardáin sainordaitheach tar éis idirthréimhse (rogha 4).
- Tacaíonn na Ballstáit uile le rogha lena ndéanfaí foráil maidir le víosa dhigiteach.

Maidir leis **na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí**, chuir siad in iúl go dtugann siad an tosaíocht do roghanna 3 agus 4.

Maidir leis **an tionscal taistil agus turasóireachta**, tacaíonn sé d'aon toil le rogha 4, agus cuireann sé i dtábhacht an tionchar dearfach a d'imreofaí ar an taisteal go dtí an tAontas agus an méadú ar tharraingteacht an Aontais mar cheann scríbe taistil.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad príomhbhuntáistí na rogha tosaíochta?**

Bhainfeadh na Ballstáit tairbhe as **ardán iarratais víosaí an Aontais** de bharr laghdú ar an am a chaitheann na consalachtaí le próiseáil na n-iarratas ar víosaí agus le cartlannú na n-iarratas páipéir. Dhéanfaí laghdú díreach ar líon na gcásanna siopadóireachta víosaí agus d'fhéadfaí seiceálacha sa Chóras Faisnéise Víosaí a dhéanamh níos luaithe sa phróiseas.

Leis an **víosa dhigiteach** chuirfí feabhas ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen, óir ní fhéadfaí an greamán víosa a bhrionnú a thuilleadh, agus laghdófaí an t-ualach riaracháin ar údaráis lárnacha na mBallstát agus ar a gconsalachtaí go mór, toisc nach mbeadh orthu am agus airgead a chaitheamh a thuilleadh chun greamáin víosa a mhonarú, a ordú, agus a iompar go slán go dtí na consalachtaí. Go foriomlán, faoi rogha 4, shábhálfadh na Ballstáit EUR 510.9 milliún i gcostais riaracháin le linn na tréimhse 2025-2029.

Bhainfeadh **na hiarratasóirí ar víosaí** tairbhe as rogha 4 freisin. Ní bheadh ar athiarratasóirí an costas taistil a thabhú a thuilleadh chun iarratas a dhéanamh ar víosa, agus choinneodh na hiarratasóirí a ndoiciméad taistil i rith an phróisis iarratais. Faoi rogha 4, ar an meán, shábhálfadh an t-iarratasóir EUR 31 in aghaidh an iarratais as méid iomlán EUR 74 a chaitear i leith gach iarratais faoin gcás bonnlíne.

Meastar go n-imreoidh rogha 4 miontionchar dearfach ar rannchuidiú na náisiúnach tríú tíortha a bhfuil ceanglas víosa orthu le OTI an Aontais i ngeall ar mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar an líon de náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil víosa de cheangal orthu a dhéanfadh taisteal go dtí an tAontas. Ní mór tionchar mhéadú na dtaistealaithe ar OTI an Aontais a mheas go cúramach, áfach, mar braitheann sé ar an líon taistealaithe breise a mheasfar a thiocfaidh sa tréimhse 2025-2029, rud is deacair a thuar.

Go foriomlán, le rogha 4 dhéanfaí comhchuibhiú suntasach ar an tírdhreach ilroinnte atá ann faoi láthair sna Ballstáit maidir leis na nósanna imeachta um iarratais, agus chuirfí feabhas ar íomhá an Aontais mar eintiteas aontaithe, i gcomhréir leis an gcomhbheartas víosaí.

**Cad iad príomhchostais na roghanna tosaíochta?**

Chun ardán iarratais víosaí an Aontais a bhunú, beidh costas substaintiúil i gceist i gcomparáid leis an mbonnlíne. Is é an costas measta EUR 41.2 milliún chun é a chruthú agus EUR 12.8 milliún in aghaidh na bliana chun é a oibriú agus a choinneáil ar bun.

Caithfidh gach Ballstát a gcóras nó a gcórais náisiúnta a nascadh agus a nuashonrú chun bheith in ann na seirbhísí ó ardán láraithe iarratais digiteach nua an Aontais a úsáid. Is iad EUR 270 000 go EUR 330 000 na meastacháin ar chostais in aghaidh an Bhallstáit. Is diomaibhseach na hinfheistíochtaí ar leibhéal na mBallstát chun an víosa dhigiteach a chur chun feidhme.

Is geall le nialas na costais comhshaoil a bhainfidh leis an bpróiseas iarratais i gcás athiarratasóirí, toisc nach mbeidh orthu taisteal a thuilleadh chun iarratas a dhéanamh nó chun a ndoiciméad taistil a bhailiú. Laghdófar tomhaltas an pháipéir freisin, rud a imreoidh tionchar dearfach ar an gcomhshaol. Dá dtiocfadh méadú ar an turasóireacht go dtí an tAontas de bharr dhigiteáil na nósanna imeachta um víosaí, d'fhéadfadh sin a bheith ina chúis le hastaíochtaí breise $CO_2$; braitheann an méadú measta sin, áfach, ar líon breise taistealaithe atá éiginnte agus is deacair a thuar, murab ionann agus na tairbhí comhshaoil a bhaineann le laghdú thaisteal na n-iarratasóirí agus thomhaltas an pháipéir le haghaidh na n-iarratas agus an ghreamáin víosa.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Is iad na gnólachtaí sna hearnálacha taistil agus turasóireachta is mó a bhainfeadh tairbhe aisti. Chuir ionadaithe an tionscail turasóireachta Eorpaigh in iúl go dtacaíonn siad go láidir le digiteáil an phróisis víosaí agus chuir i dtábhacht gur gá don Aontas eispéireas taistil gan uaim a thairiscint chun dul san iomaíocht le cinn scríbe eile ar fud an domhain.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Leis an rogha thosaíochta, meastar go n-imreofar tionchar ar na córais riaracháin náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na costais chun a gcóras nó a gcórais náisiúnta a nascadh agus a nuashonrú agus chun sonraí maidir le hiarratais a stóráil. Chúiteofaí na costais sin (EUR 140 milliún le haghaidh na mBallstát uile sa tréimhse 2025-2029) go mór leis na coigiltis mheasta i dtaca leis na costais riaracháin (EUR 510.9 milliún sa tréimhse 2025-2029 le haghaidh na mBallstát uile).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

A mhéid a bhaineann le **cosaint sonraí**, le rogha 4 thabharfaí cleachtais aonfhoirmeacha próiseála sonraí isteach le hardán an Aontais agus bheadh feidhm acu ar na Ballstáit uile. Laghdófaí nochtadh na sonraí pearsanta do sholáthraithe seirbhísí seachtracha, toisc go mbeadh taistealaithe athuaire in ann iarratas díreach a dhéanamh trí thairseach iarratais an Aontais. Dá ainneoin sin, de réir an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, is dlúthchuid den digiteáil iad rioscaí áirithe cosanta sonraí. Ar an gcúis sin, caithfear prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra agus íoslaghdú na sonraí a urramú go docht.

Ní shárófaí **an ceart chun neamh-idirdhealú** i gcás náisiúnach na dtríú tíortha ina bhfuil rochtain íseal ar TF nó ráta íseal litearthachta TF, toisc go soláthródh soláthraithe seirbhísí seachtracha agus oibreoirí taistil cúnamh

dóibh.

Maidir le **cearta na ndaoine faoi mhíchumas**, bheadh níos lú cúnaimh aghaidh-ar-aghaidh ar fáil do dhaoine gan éisteacht agus/nó gan radharc na súl, ach d'fhéadfaí cuidiú leo trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht na n-uirlisí iarratais ar líne, i gcomhréir le treoirlínte aitheanta maidir leis an inrochtaineacht ghréasáin. D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí seachtracha treoraíocht a sholáthar freisin do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine ar leibhéal íseal litearthachta TF. Chuirfí feabhas ar staid na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe toisc nach mbeadh ceanglas ar dhaoine a thuilleadh, i gcúinsí áirithe, cuairt a thabhairt ar lárionad iarratais víosaí nó ar chonsalacht.

## D. Iarobair

### Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Le hAirteagal 57 den Chód maidir le Víosaí agus le hAirteagal 50 de Rialachán VIS athbhreithnithe maidir le Faireachán agus Meastóireacht, déantar foráil cheana maidir le hoibleagáidí faireacháin agus meastóireachta, e.g. meastóireacht a chur ar fáil ar chur i bhfeidhm an Chóid maidir le Víosaí tar éis dá fhorálacha uile a bheith infheidhme le dhá bhliain. Prionsabal ginearálta sin na n-airteagal siúd, beidh feidhm aige maidir leis na hathruithe a eascraíonn as glacadh an tionscnaimh maidir le digiteáil na nósanna imeachta um víosaí freisin.